I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) Uimh. 1383/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 18 Nollaig 2014**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 ón gComhairle lena dtugtar isteach fabhair uathrialacha trádála do Phoblacht na Moldóive**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [1],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bunaíodh scéim shonrach fabhar uathrialach trádála do Phoblacht na Moldóive le Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 ón gComhairle [2]. Leis an scéim sin, tugtar saor-rochtain ar mhargadh an Aontais do na táirgí uile ar de thionscnamh Phoblacht na Moldóive iad, seachas táirgí áirithe talmhaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin agus a bhfuil lamháltais teoranta tugtha ina leith, i bhfoirm díolúine ó dhleachtanna custaim laistigh de theorainn na dtaraifchuótaí nó i bhfoirm laghdú ar dhleachtanna custaim.

(2) Faoi chuimsiú Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE), Phlean Gníomhaíochta BCE idir AE agus an Mholdóiv, agus Chomhpháirtíocht an Oirthir, tá clár oibre ardaidhmeannach glactha ag Poblacht na Moldóive chun comhlachas polaitiúil agus breis lánpháirtíochta eacnamaíche leis an Aontas a bhaint amach. Tá dul chun cinn mór déanta cheana ag Poblacht na Moldóive maidir le comhfhogasú rialála as a dtiocfaidh cóineasú le dlíthe agus caighdeáin an Aontais.

(3) Síníodh an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile [3] (an Comhaontú Comhlachais), lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (LDCST), an 27 Meitheamh 2014 agus bhí éifeacht leis an gcur i bhfeidhm sealadach amhail ón 1 Meán Fómhair 2014.

(4) Leanfaidh scéim shonrach na bhfabhar uathrialach trádála d'fheidhm a bheith aici go dtí an 31 Nollaig 2015.

(5) Chun tacú le hiarrachtaí Phoblacht na Moldóive i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach i BCE, i gComhpháirtíocht an Oirthir agus sa Chomhaontú Comhlachais, agus chun margadh a bheidh tarraingteach agus iontaofa a chur ar fáil dá honnmhairí úlla úra, plumaí úra agus fíonchaora boird úra, ba cheart lamháltais bhreise a dhéanamh d'allmhairiú na dtáirgí sin ó Phoblacht na Moldóive go dtí an tAontas, ar bhonn taraifchuótaí saor ó dhleacht.

(6) Is gá freisin cóid AC áirithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 a leasú d'fhonn na leasuithe a tugadh isteach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1001/2013 ón gCoimisiún [4] in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle [5] a léiriú.

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 18 Nollaig 2014.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 ón gComhairle an 21 Eanáir 2008 lena dtugtar isteach fabhair uathrialacha trádála do Phoblacht na Moldóive agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 980/2005 agus Cinneadh 2005/924/CE ón gCoimisiún (IO L 20, 24.1.2008, lch. 1).

[3] IO L 260, 30.8.2014, lch. 4.

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1001/2013 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 290, 31.10.2013, lch. 1).

[5] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

(7) Ionas go mbeidh na hoibreoirí in ann leas a bhaint as na lamháltais bhreise sin a luaithe is féidir, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) I bhfianaise bhuaictháirgeadh séasúrach na dtáirgí sin, is iomchuí na lamháltais bhreise a chur i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2014 i leith.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Thábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 55/2008.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Lúnasa 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 18 Nollaig 2014.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
S. GOZI

*IARSCRÍBHINN*

‘1. **TÁIRGÍ ATÁ FAOI RÉIR TARAIFCHUÓTAÍ BLIANTÚLA SAOR Ó DHLEACHT**

| Uimh. an Ordaithe | Cód AC | Tuairisc | 2008 (1) | 2009 (1) | 2010 (1) | 2011 (1) | 2012 (1) | 2013 (1) | 2014 (1) | 2015 (1) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 09.0504 | 0201 go 0204 | Feoil úr, fhuaraithe agus reoite ó bhó-ainmhithe, ó mhucra, ó chaoirigh agus ó ghabhair | 3 000 (2) | 3 000 (2) | 4 000 (2) | 4 000 (2) | 4 000 (2) | 4 000 (2) | 4 000 (2) | 4 000 (2) |
| 09.0505 | ex 0207 | Feoil agus miodamas inite éanlaithe den chineál atá faoi mhírcheann 0105, úr, fuaraithe nó reoite, seachas aenna sailleacha d’fho-mhírcheann 0207 43 | 400 (2) | 400 (2) | 500 (2) | 500 (2) | 500 (2) | 500 (2) | 500 (2) | 500 (2) |
| 09.0506 | ex 0210 | Feoil agus miodamas inite feola ó mhucra agus ó bhó-ainmhithe, saillte, i sáile, triomaithe nó deataithe; plúr inite agus béilí feola nó miodamais feola ó mhucra clóis agus ó bhó-ainmhithe | 400 (2) | 400 (2) | 500 (2) | 500 (2) | 500 (2) | 500 (2) | 500 (2) | 500 (2) |
| 09.4210 | 0401 go 0406 | Táirgí déiríochta | 1 000 (2) | 1 000 (2) | 1 500 (2) | 1 500 (2) | 1 500 (2) | 1 500 (2) | 1 500 (2) | 1 500 (2) |
| 09.0507 | 0407 00 | Uibheacha éan, agus iad sna blaoscanna | 90 (3) | 95 (3) | 100 (3) | 110 (3) | 120 (3) | 120 (3) | 120 (3) | 120 (3) |
| 09.0508 | ex 0408 | Uibheacha éan, nach bhfuil sna blaoscanna, agus buíocáin, seachas iad sin atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine | 200 (2) | 200 (2) | 300 (2) | 300 (2) | 300 (2) | 300 (2) | 300 (2) | 300 (2) |
| 09.0515 | 0806 10 10 | Fíonchaora boird úra | — | — | — | — | — | — | 10 000 (2) (4) | 10 000 (2) |
| 09.0516 | 0808 10 80 | Úlla úra (seachas úlla ceirtlise, i mbulc, ón 16 Meán Fómhair go dtí an 15 Nollaig) | — | — | — | — | — | — | 40 000 (2) (4) | 40 000 (2) |
| 09.0517 | 0809 40 05 | Plumaí úra | — | — | — | — | — | — | 10 000 (2) (4) | 10 000 (2) |
| 09.0509 | 1001 91 20<br>1001 91 90<br>1001 99 | Speilt eile (seachas speilt le haghaidh curadóireachta), cruithneacht choiteann agus maislín | 25 000 (2) | 30 000 (2) | 35 000 (2) | 40 000 (2) | 50 000 (2) | 55 000 (2) | 60 000 (2) | 65 000 (2) |

| Uimh. an Ordaithe | Cód AC | Tuairisc | 2008 [1] | 2009 [1] | 2010 [1] | 2011 [1] | 2012 [1] | 2013 [1] | 2014 [1] | 2015 [1] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 09.0510 | 1003 90 00 | Eorna | 20 000 [2] | 25 000 [2] | 30 000 [2] | 35 000 [2] | 45 000 [2] | 50 000 [2] | 55 000 [2] | 60 000 [2] |
| 09.0511 | 1005 90 | Grán buí | 15 000 [2] | 20 000 [2] | 25 000 [2] | 30 000 [2] | 40 000 [2] | 45 000 [2] | 50 000 [2] | 55 000 [2] |
| 09.0512 | 1601 00 91 agus 1601 00 99 | Ispíní agus táirgí dá samhail as feoil, as miodamas feola nó as fuil; ullmhóidí bia bunaithe ar na táirgí sin | 500 [2] | 500 [2] | 600 [2] | 600 [2] | 600 [2] | 600 [2] | 600 [2] | 600 [2] |
| | ex 1602 | Feoil, miodamas feola nó fuil eile, ullmhaithe nó leasaithe:<br>— ó éanlaithe den chineál *Gallus domesticus*, neamhchócaráilte,<br>— ó mhucra clóis,<br>— ó bhó-ainmhithe, neamhchócaráilte | | | | | | | | |
| 09.0513 | 1701 99 10 | Siúcra bán | 15 000 [2] | 18 000 [2] | 26 000 [2] | 34 000 [2] | 34 000 [2] | 34 000 [2] | 34 000 [2] | 34 000 [2] |

(1) Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig, seachas don bhliain 2008, a bhfuil feidhm ina leith ag na taraifchuótaí ón gcéad lá a cuireadh an Rialachán i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig.
(2) Tonaí (glanmheáchan).
(3) Milliúin aonad.
(4) Maidir leis an mbliain 2014, beidh feidhm ag an taraifchuóta ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig.'